AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.10.2024
COM(2024) 465 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2023

{SWD(2024) 235 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2023

1. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (an 'Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste')[1], cuireann an Coimisiún a thuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú coistí in 2023 i láthair.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil ar fhorbairtí in 2023 ar an gcóras 'nós imeachta coiste', a thagraíonn do na coistí lena dtéann an Coimisiún i gcomhairle maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme. Tá na coistí sin comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus is é an Coimisiún a dhéanann cathaoirleacht orthu. Leanann siad nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla ag brath ar an mbunghníomh reachtach ábhartha lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh (féach Tábla II).

Tugtar achoimre sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na gcoistí. Tá **doiciméad inmheánach oibre** ag gabháil léi ina bhfuil staitisticí mionsonraithe i dtaca le hobair gach coiste ar leith maidir le gach earnáil beartais[2]. Cuirtear i dtábhacht inti na príomhathruithe agus treochtaí a chonacthas ar bhonn bliantúil, agus déantar figiúirí foriomlána a chur i láthair inti maidir le cruinnithe, nósanna imeachta i scríbhinn, tuairimí a tugadh (i.e. dearfach, diúltach nó gan tuairim) agus gníomhartha a glacadh. Tugtar forbhreathnú inti chomh maith ar na cásanna a tarchuireadh chuig an gcoiste achomhairc agus ar fheidhmiú an chirt grinnscrúdaithe atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. Cuirtear faisnéis ar fáil freisin maidir leis na bearta a glacadh faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú.

2. FORBHREATHNÚ AR FHORBAIRTÍ SA CHÓRAS NÓS IMEACHTA COISTE IN 2023

2.1. Forbairtí ginearálta

In 2023, lean coistí coisteolaíochta de bheith ag feidhmiú faoi na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, i.e. an nós imeachta comhairleach (Airteagal 4) agus an nós imeachta scrúdúcháin (Airteagal 5), chomh maith le bheith ag feidhmiú faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a leagtar amach in Airteagal 5a[3] den Cinneadh maidir leis an Nós Imeachta Coiste[4].

---

1 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

2 Mar atá cumhdaithe ag ranna an Choimisiún a phléann leis na réimsí beartais lena mbaineann.

3 Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le húsáid an nós imeachta seo, féach Roinn 3.5

4 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

Gan beann ar an mbealach a tionóladh iad (i láthair go fisiciúil, go cianda nó i bhformáid hibrideach), liostaítear gach cruinniú mar chruinniú i gClár na Coisteolaíochta[5] agus sonraítear foirm an chruinnithe sa taifead achomair.

Maidir le hailíniú gníomhartha ina dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú leis an gcreat dlíthiúil a tugadh isteach le Conradh Liospóin, in 2023, ní dhearnadh dul chun cinn sa phlé idirinstitiúideach ar an togra ón gCoimisiún[6] ó thaobh na mbunghníomhartha atá fágtha a ailíniú.

I ndáil leis an togra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2017[7] arb é ba aidhm dó an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste a bhaineann leis an gcoiste achomhairc a leasú, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar chásanna a bheadh 'gan tuairim' i réimsí íogaire[8], ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh in 2023 toisc go raibh difríochtaí móra fós ann idir na seasaimh a bhí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle (na 'comhreachtóirí').

Lean an Coimisiún de dhréacht-téacsanna le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme tábhachtacha a chur ar fáil don phobal ar feadh tréimhse 4 seachtaine, rud a thug deis do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach. In 2023, foilsíodh 73 dhréachtghníomh cur chun feidhme ar an suíomh gréasáin 'Cloisimis uait'[9] chun aiseolas a fháil ón bpobal, figiúr atá comhionann, nach mór, leis an bhfigiúr in 2022 (bliain inar foilsíodh 72 dhréachtghníomh).

2.2. Forbairtí sa chásdlí

A mhéid a bhaineann le trédhearcacht obair na gcoistí coisteolaíochta, i gcás T-201/21 (*Covington & Van Vooren vs an Coimisiún Eorpach*), sheas an Chúirt Ghinearálta leis an líne a leag sí amach an bhliain roimhe sin i gcásanna uamtha T-371/20 agus T-554/20 (*Pollinis France v an Coimisiún*[10], an dá chás sin faoi achomharc faoi láthair). Iarradh ar an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh arís ar dhiúltú an Choimisiúin rochtain a thabhairt ar dhoiciméid (faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[11]) lena léirítear vótaí aonair na mBallstát arna gcaitheamh i gcomhthéacs coiste coisteolaíochta. Ina breithiúnas an 14 Meitheamh 2023, chinn an Chúirt Ghinearálta nach mór vótaí na mBallstát laistigh de choiste coisteolaíochta a mheas mar vótaí a chaitear 'mar chuid de phlé agus

---

5 https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/home?lang=ga

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, COM (2016) 799 final.

7 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (COM (2017) 085 final).

8 Tá leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste molta ag an gCoimisiún chun cás a sheachaint ina mbeadh oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún cinneadh údarúcháin a dhéanamh in éagmais tromlach cáilithe de na Ballstáit a bhfuil seasamh á ghlacadh acu (bíodh sé i bhfabhar nó i gcoinne) ar an gcoiste nó ar an gcoiste achomhairc. Dar leis an gCoimisiún bíonn fadhb ar leith ag baint le cás 'gan tuairim' den sórt sin nuair a bhaineann sé le hábhair atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, mar shampla sa réimse sláinte sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí.

9 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say_ga

10 T-371/20 agus T-554/20, *Pollinis France v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:556.

11 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

de réamhchomhairliúcháin' laistigh den Choimisiún maidir leis an dréachtghníomh cur chun feidhme atá i gceist. Dá bhrí sin, tá an eisceacht maidir le rochtain ar dhoiciméid a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 4(3)[12] de Rialachán 1049/2001 infheidhme maidir le doiciméid a léiríonn vótaí aonair na mBallstát. Mar sin féin, maidir leis na cúiseanna a chuir an Coimisiún chun cinn sa chinneadh atá faoi chonspóid, bhí an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach bhféadfaí údar a thabhairt, in imthosca an cháis sin, do chur i bhfeidhm na heisceachta a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) 1049/2001. Dar leis an gCúirt, ní fhéadfaí a léiriú go mbeadh baol ann go mbainfí an bonn go mór den phróiseas cinnteoireachta atá i gceist dá nochtfaí na doiciméid a iarradh. Chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh lenar diúltaíodh rochtain ar an doiciméad a iarradh ar neamhní. Rinne an Coimisiún achomharc in aghaidh an bhreithiúnais a thaisceadh ina dhiaidh sin.

Ina breithiúnas an 28 Feabhra 2023 i gcás C-695/20 (*Fenix International Ltd vs Commissioner for Her Majesty's Revenue and Customs*), thug an Chúirt Bhreithiúnais dhá bharúil a bhfuil feidhm ghinearálta acu maidir le cumhachtaí cur chun feidhme. Bhain an cás le hiarraidh ar réamhrialú maidir le bailíocht Airteagal 9a(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 282/2011 ón gComhairle, bunaithe ar cé acu a rinne nó nach ndearna an Chomhairle Airteagal 28 de Threoir 2006/112/CE[13] maidir le CBL a fhorlíonadh nó a leasú, rud a sháraíonn na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar di le hAirteagal 397 den Treoir sin, faoi Airteagal 291(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Chúirt, a mhéid a bhaineann le cumhachtaí cur chun feidhme na Comhairle a úsáid, go gceanglaítear le hAirteagal 291(2) CFAE ráiteas mionsonraithe a chur ar fáil ar na cúiseanna a bhfuil sé de chúram ar an institiúid sin an gníomh atá i gceist a ghlacadh. Ar an dara dul síos, thug sí dá haire go bhfuil na breithnithe a bhaineann le teorainneacha chumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin bailí freisin i gcás ina dtugtar cumhachtaí den sórt sin don Chomhairle, ós rud é nach ndéantar aon idirdhealú in Airteagal 291(2) CFAE maidir le cineál agus raon feidhme na gcumhachtaí cur chun feidhme bunaithe ar an institiúid dá dtugtar iad. Thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go n-áirítear, go bunúsach, leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún nó don Chomhairle faoi Airteagal 291(2) CFAE, an chumhacht chun bearta a ghlacadh atá riachtanach nó iomchuí chun an méid seo a leanas a chur chun feidhme go haonfhoirmeach: forálacha an ghnímh reachtaigh ar ar a bhonn a ghlactar na bearta sin agus nach ndéantar ach inneachar an ghnímh sin a shonrú leo, i gcomhréir leis na bunchuspóirí ginearálta a shaothraítear leis an ngníomh sin, gan an gníomh sin a leasú nó a fhorlíonadh, ó thaobh na n-eilimintí bunriachtanacha nó fiú neamhriachtanacha a bhaineann leis[14]. Rialaigh an Chúirt nár

---

12 'Maidir le rochtain ar dhoiciméad ina bhfuil tuairimí le haghaidh úsáid inmheánach mar chuid de phléití agus de réamhchomhairliúcháin laistigh den institiúid lena mbaineann, diúltófar rochtain a thabhairt ar an doiciméad sin fiú amháin tar éis cinneadh ina leith a bheidh déanta más rud é go mbainfeadh nochtadh an doiciméid go mór de phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide, mura rud é go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann i dtaca le nochtadh an doiciméid lena mbaineann.'

13 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

14 Athdhearbhaíodh na prionsabail chéanna maidir le teorainneacha chumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin freisin i mbreithiúnais na Cúirte an 16 Márta 2023, Saatgut-Treuhandverwaltung (KWS Meridian), C 522/21, ECLI:EU:C:2023:218, mír 35, agus an 22 Márta 2023, Tazzetti v an Coimisiún (cásanna uamtha T-825/19 agus T-826/19), ECLI:EU:T:2023:148, míreanna 156-157.

sháraigh an rialachán cur chun feidhme atá faoi chonspóid aon cheann de na prionsabail sin agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí seasamh leis mar rialachán bailí.

3. FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tá na figiúirí ar fad a léirítear sna ranna seo a leanas bunaithe ar na torthaí a chuirtear i láthair go mion sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

3.1. An líon coistí

Dírítear sa tuarascáil seo ar na coistí coisteolaíochta agus orthu sin amháin, ar coistí iad a bhunaigh an reachtóir chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a tugadh dó le bunghníomhartha dlí. Ní cumhdaithe sa tuarascáil seo eintitis eile, go háirithe grúpaí saineolaithe a bhunaigh an Coimisiún é féin.

I Tábla I, taispeántar líon na gcoistí coisteolaíochta a bhí ann le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023[15], agus na figiúirí don bhliain roimhe sin ann ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

TÁBLA I — AN LÍON IOMLÁN COISTÍ

Roinn an Choimisiúin	2022	2023
AGRI (Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe)	12	11
BUDG (Buiséad)	2	2
CLIMA (Gníomhú ar son na hAeráide)	5	5
CNECT (Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht)	15	17
COMP (Iomaíocht)	0	2
DEFIS (Tionscal na Cosanta agus an Spás)	8	10
EAC (Oideachas agus Cultúr)	4	4
ECFIN (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)	2	2
ECHO (Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta)	2	2
EMPL (Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú)	5	5
ENER (Fuinneamh)	13	14
ENV (An Comhshaol)	26	26
ESTAT (Eurostat)	1	1
FISMA (Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil)	11	10
FPI (An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh)	2	1
GROW (An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna)	38	40
HERA (Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte)	0	1
HOME (Imirce agus Gnóthaí Baile)	18	19
INTPA (Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta)	3	3
JUST (Ceartas agus Tomhaltóirí)	24	24
MARE (Gnóthaí Muirí agus Iascaireacht)	3	3
MOVE (Soghluaisteacht agus Iompar)	31	33
NEAR (Comharsanacht agus Caibidlíocht maidir le Méadú)	2	2
OLAF (An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise)	1	1
REFORM (Tacaíocht um Athchóiriú Struchtúrach)	1	1

[15] Ní raibh roinnt coistí ann ach le linn cuid den bhliain, ag brath ar thús/deireadh beacht bhailíocht a mbunghnímh dhlíthiúil.

REGIO (Beartas Réigiúnach agus Uirbeach)	2	2
RTD (Taighde agus Nuálaíocht)	17	17
SANTE (Sláinte agus Sábháilteacht Bia)	33	32
SG (An Ardrúnaíocht) *	3	4
TAXUD (Cánachas agus an tAontas Custaim)	26	27
TRADE (Trádáil)	12	13
IOMLÁN	**322**	**334**

** Lena n-áirítear an coiste achomhairc* [16]

In 2023, bhí **334 choiste coisteolaíochta** ann, lena n-áirítear foirmíochtaí coiste[17]. Is méadú beag é sin ar líon na gcoistí i gcomparáid le 2022 (nuair a bhí 322 choiste coisteolaíochta ann), rud a léiríonn bunú coistí nua le reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm in 2023.

Léirítear i dTábla II miondealú ar na coistí in 2023 de réir an chineáil nós imeachta faoinar raibh siad ag feidhmiú (i.e. nós imeachta comhairleach, nós imeachta scrúdúcháin, nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú). Déantar coistí a bhfuil nósanna imeachta iomadúla acu a léiriú ar leithligh.

TÁBLA II — AN LÍON COISTÍ DE RÉIR NÓS IMEACHTA

	An cineál nós imeachta				
Roinn an Choimisiúin	**Comhairleach**	**Scrúdúchán**	**Rialúchán lena ngabhann grinnscrúdú**	**Nósanna imeachta iomadúla**	**IOMLÁN**
AGRI	0	8	0	3	11
BUDG	0	1	0	1	2
CLIMA	0	1	0	4	5
CNECT	1	10	0	6	17
COMP	1	0	0	1	2
DEFIS	0	3	0	7	10
EAC	0	3	0	1	4
ECFIN	0	1	0	1	2
ECHO	0	2	0	0	2
EMPL	1	1	1	2	5
ENER	2	8	0	4	14
ENV	0	13	1	12	26
ESTAT	0	0	0	1	1
FISMA	0	4	2	4	10
FPI	0	1	0	0	1
GROW	2	13	2	23	40
HERA	0	1	0	0	1
HOME	1	15	0	3	19
INTPA	0	3	0	0	3
JUST	7	12	0	5	24
MARE	0	2	0	1	3

16 Tá an coiste achomhairc cláraithe i gClár na Coisteolaíochta mar choiste faoi fhreagracht na hArdrúnaíochta. Sa chleachtas, áfach, tá sé á bhainistiú ag na ranna ábhartha.

17 I líon beag bunghníomh, rinne an reachtóir foráil maidir le cumraíochtaí sonracha den choiste. Cuirtear iad sin i láthair ina n-aonar sa doiciméad inmheánach oibre agus déantar gach ceann díobh a chomhaireamh ar leithligh i bhfigiúr foriomlán na gcoistí.

MOVE	3	14	1	15	33
NEAR	0	2	0	0	2
OLAF	0	1	0	0	1
REFORM	1	0	0	0	1
REGIO	0	0	0	2	2
RTD	0	3	0	14	17
SANTE	0	12	0	20	32
SG*	0	3	0	1	4
TAXUD	0	11	0	16	27
TRADE	3	5	0	5	13
IOMLÁN:	22	153	7	152	**334**

* *Lena n-áirítear an coiste achomhairc*

3.2. An líon cruinnithe agus nósanna imeachta i scríbhinn

Sainítear déine ghníomhaíocht na gcoistí go príomha leis an líon cruinnithe coiste a tionóladh agus an líon nósanna imeachta i scríbhinn[18] a reáchtáladh. Cuirtear i láthair iad sin i dTábla III.

Tábla III — AN LÍON CRUINNITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA I SCRÍBHINn

Roinn an Choimisiúin	An líon coistí	Cruinnithe		Nósanna imeachta i scríbhinn	
		2022	2023	2022	2023
AGRI	11	100	77	52	1
BUDG	2	4	4	0	0
CLIMA	5	5	9	3	2
CNECT	17	15	24	30	19
COMP	2	0	7	0	1
DEFIS	10	46	50	7	13
EAC	4	11	10	17	15
ECFIN	2	14	18	0	0
ECHO	2	7	3	12	2
EMPL	5	0	1	0	0
ENER	14	18	20	8	8
ENV	26	23	23	10	7
ESTAT	1	3	4	7	4
FISMA	10	10	6	23	15
FPI	1	9	3	6	0
GROW	40	30	28	78	38
HERA	1	0	0	0	0
HOME	19	49	42	60	15
INTPA	3	18	21	14	8
JUST	24	21	13	6	4
MARE	3	3	5	10	7
MOVE	33	40	41	20	17
NEAR	2	19	11	48	17
OLAF	1	0	0	0	0
REFORM	1	1	0	2	1
REGIO	2	3	2	3	3
RTD	17	62	43	355	223
SANTE	32	95	98	813	769
SG*	4	12	10	6	0
TAXUD	27	31	48	36	33
TRADE	13	24	29	49	20
IOMLÁN:	**334**	**673**	**650**	**1 675**	**1 242**

** Lena n-airítear cruinnithe/nósanna imeachta i scríbhinn an choiste achomhairc*

Tionóladh **650 cruinniú** in 2023, figiúr atá beagán níos lú ná an líon cruinnithe in 2022 (nuair a bhí 673 chruinniú ann), agus reáchtáladh **1 242 nós imeachta i scríbhinn**, figiúr atá i bhfad níos ísle ná mhéid a reáchtáladh an bhliain roimhe sin (nuair a bhí 1 675 nós imeachta ann).

[18] D'fhéadfaí vótáil an choiste a reáchtáil ag gnáthchruinniú an choiste nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

3.3. An líon tuairimí agus gníomhartha cur chun feidhme

Tugtar léiriú sa tuarascáil seo freisin ar aschur sonrach na gcoistí, ar táscaire tábhachtach eile é maidir le leibhéal na gníomhaíochta.

TÁBLA IV — AN LÍON TUAIRIMÍ AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME A GLACADH[19]

Roinn an Choimisiúin	Tuairimí[20]		Gníomhartha cur chun feidhme a glacadh		Rúin ó Pharlaimint na hEorpa/Cinntí ón gComhairle (Airteagal 11)
	2022	2023	2022	2023	2023
AGRI	103	102	100	102	0
BUDG	0	0	0	0	0
CLIMA	4	11	5	11	0
CNECT	31	26	30	23	0
COMP	0	2	0	3	0
DEFIS	12	19	16	19	0
EAC	21	20	24	17	0
ECFIN	17	25	17	25	0
ECHO	13	3	13	4	0
EMPL	0	2	0	2	0
ENER	30	13	21	9	0
ENV	25	26	22	17	0
ESTAT	10	15	9	14	0
FISMA	25	14	22	10	0
FPI	5	0	4	0	0
GROW	85	63	73	67	0
HERA	0	0	0	0	0
HOME	58	62	49	68	0
INTPA	106	118	104	118	0
JUST	13	4	9	4	0
MARE	13	10	19	10	0
MOVE	48	44	55	40	0
NEAR	110	37	108	37	0
OLAF	0	0	0	0	0
REFORM	2	1	1	1	0
REGIO	3	3	5	3	0
RTD	354	223	333	213	0
SANTE	819	1041	907	967	8 (Parlaimint na hEorpa)
SG*	13	22	0	0	0
TAXUD	43	52	40	45	0
TRADE	85	81	86	87	0
IOMLÁN:	**2 048**	**2 039**	**2 072**	**1 916**	**8**

[19] Maidir le gníomhartha cur chun feidhme a glacadh, ciallaíonn léiriú ranna an Choimisiúin (réimsí beartais) go ndearnadh na gníomhartha atá i gceist a ullmhú (go ndearnadh iad a phlé agus/nó go vótáladh orthu) i gcoiste arna bhainistiú ag an roinn sin de chuid an Choimisiúin; i gcásanna áirithe, is roinn eile de chuid an Choimisiúin a rinne glacadh an ghnímh a áirithiú go foirmiúil.

[20] Déantar vóta arb é ‘gan tuairim’ an toradh air a áireamh i líon iomlán na dtuairimí ós rud é gur toradh féideartha amháin sa choiste é.

**Lena n-áirítear tuairimí arna dtabhairt ag an gcoiste achomhairc. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, déantar gníomhartha cur chun feidhme a glacadh agus a théann tríd an gcoiste achomhairc a áireamh i gcomhair na gcoistí ar an gcéad leibhéal sna réimsí beartais lena mbaineann. Féach freisin Roinn 3.4 agus Tábla V.*

Cuirtear na figiúirí foriomlána i láthair i dTábla IV maidir leis na tuairimí foirmiúla a thug na coistí agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún ina dhiaidh sin[21]. Léirítear ann freisin na cásanna inar fheidhmigh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a gceart grinnscrúdaithe faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

Thug na coistí **2 039 dtuairim**[22] in 2023, ar laghdú beag é i gcomparáid le 2022 (2048). Ar an gcaoi chéanna, glacadh **1 916 ghníomh cur chun feidhme** tar éis nós imeachta coiste, líon a bhí níos lú ná an bhliain roimhe sin (2072).

Tá ceart grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. In 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa ocht rún ar bhonn Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, agus bhain gach ceann acu le gníomhartha de chuid AS SANTE. In 2023 níor fheidhmigh an Chomhairle a ceart cur in aghaidh dréachtbhirt faoin bhforáil sin.

3.4. Cruinnithe an choiste achomhairc

Mar a léirítear i dTábla V thíos, tháinig an coiste achomhairc le chéile deich n-uaire le linn 2023, agus pléadh 22 dhréachtghníomh cur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoina bhráid. Agus vótáil á déanamh aige ag na cruinnithe i ngach cás agus gan nósanna imeachta i scríbhinn a úsáid, thug sé cinneadh ‘gan tuairim’ uaidh i ngach ceann de na 22 chás[23]. Ghlac an Coimisiún gach ceann de na 22 ghníomh cur chun feidhme tar éis vóta an choiste achomhairc, agus glacadh trí chinn de na gníomhartha sin in 2024.

TÁBLA V — GNÍOMHAÍOCHT AN CHOISTE ACHOMHAIRC

Roinn an Choimisiúin	Líon cruinnithe/comhairliúchán i scríbhinn an choiste achomhairc		Líon tuairimí[24] an choiste achomhairc		An líon gníomhartha a glacadh tar éis don choiste achomhairc tuairim a thabhairt	
	2022	2023	2022	2023	2022	2023
MOVE	0/0	1(0)	0 (0)	1 (1)	0	1
SANTE	10/6	9(0)	12 (12)	21 (21)	10	18
TRADE	1/ 0	0	1 (1)	0	1	0
IOMLÁN:	**11/6**	**10(0)**	**13 (13)**	**22 (22)**	**11**	**19**

21 D’fhéadfadh an líon tuairimí agus an líon gníomhartha cur chun feidhme/an líon beart a bheith difriúil in aon bhliain faoi leith; mínítear na cúiseanna atá leis sin sa réamhrá leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

22 Bhí tromlach mór na vótaí sna coistí dearfach, ach tugadh vóta ‘gan tuairim’ i 31 chás (lena n-airítear na cásanna a tarchuireadh chuig an gcoiste achomhairc i ndeireadh na dála). Tugadh vóta diúltach amháin (maidir le ceanglais lipéadaithe na mbianna núíosacha α-cioglaideistrin agus γ-cioglaideistrin) agus dá bhrí sin tharraing an Coimisiún an dréachtghníomh siar.

23 Tá tuilleadh mionsonraí le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

24 Cuimsíonn an téarma ‘tuairim’ aon chás a mbeadh ‘gan tuairim’ mar thoradh foirmiúil air, rud a chiallaíonn nach bhfuil gá le tromlach, bealach amháin nó bealach eile. Léirítear an líon cásanna ‘gan tuairim’ idir lúibíní.

3.5. Úsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Rinne an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste éifeachtaí an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a choinneáil ar bun chun críocha na mbunghníomhartha dlí atá ann cheana a thagraíonn dó[25]. Ní féidir an nós imeachta seo a thabhairt isteach i reachtaíocht nua a thuilleadh, ach tá sé fós le feiceáil i go leor bunghníomhartha dlí atá ann cheana agus leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige faoi na gníomhartha sin go dtí go ndéanfar ailíniú ar na cumhachtuithe lena mbaineann leis na cumhachtuithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe nó le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

In 2023, glacadh 57 mbeart faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (féach Tábla VI), figiúr atá níos lú ná líon na mbeart a glacadh in 2022 (nuair a glacadh 68 mbeart). Uair amháin in 2023, bhain Parlaimint na hEorpa úsáid as an gceart chun cur in aghaidh gníomhartha faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, in 2022, níor bhain na comhreachtóirí úsáid as an gceart sin.

TÁBLA VI — AN LÍON BEART A GLACADH I GCOMHRÉIR LEIS AN NÓS IMEACHTA RIALÚCHÁIN LENA NGABHANN GRINNSCRÚDÚ

Roinn an Choimisiúin	Nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – bearta a glacadh	Na dréachtbhearta ar chuir Parlaimint na hEorpa in aghaidh a nglactha	Na dréachtbhearta ar chuir an Chomhairle in aghaidh a nglactha
AGRI	0	0	0
BUDG	0	0	0
CLIMA	0	0	0
CNECT	0	0	0
COMP	0	0	0
DEFIS	0	0	0
EAC	0	0	0
ECHO	0	0	0
ECON	0	0	0
EMPL	0	0	0
ENER	1	0	0
ENV	5	0	0
ESTAT	0	0	0
FISMA	4	0	0
FPI	0	0	0
GROW	7	0	0
HERA	0	0	0
HOME	0	0	0
INTPA	0	0	0
JUST	0	0	0
MARE	0	0	0
MOVE	0	0	0
NEAR	0	0	0
OLAF	0	0	0
REFORM	0	0	0
REGIO	0	0	0
RTD	0	0	0
SANTE	40	1	0

[25] Airteagal 12, an dara mír den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

SG	0	0	0
TAXUD	0	0	0
TRADE	0	0	0
IOMLÁN	**57**	**1**	**0**

4. CONCLÚID

Lean na coistí de bheith ag obair in 2023 ar leibhéal déine a bhí cosúil leis an mbliain roimhe sin. Bhí 334 choiste ann, a thionóil 650 cruinniú, a rinne 1 242 nós imeachta i scríbhinn agus a thug 2 039 dtuairim, as ar eascair glacadh 1 916 ghníomh cur chun feidhme agus 57 mbeart faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Trína chur ar a gcumas do na Ballstáit a gcumhachtaí rialaithe a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, cuireann na coistí cúnamh luachmhar ar fáil don Choimisiún maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugann na comhreachtóirí dó a fheidhmiú.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.